Is féidir ceisteanna a chur

Mar aon le heolas a thabhairt duit, caithfidh baill foirne éisteacht leat agus a ndícheall a dhéanamh le do cheisteanna a fhreagairt. Thig leat do cheisteanna féin a scríobh sa spás ar an leathanach cúil. Is féidir ceisteanna a chur faoin chóireáil féin, mar shampla:

- Cad iad na príomhchineálacha cóireála atá le fáil?
- Cad iad na sochair is mó a bhaineann le gach cineál cóireála?
- Cad iad na priacail, más ann, a bhaineann le gach cineál cóireála?
- Cad iad na rátaí ratha atá le cineálacha éagsúla cóireála – don aonad seo nó don dochtúir?
- Cad chuige a síleann tú go bhfuil gá le hobráid?
- Cad iad na priacail má dhéanaim an cinneadh gan rud ar bith a dhéanamh de thuras na huaire?
- Cad é mar a mhothóidh mé i ndiaidh na hobráide?
- Cén uair is dóiche a bheidh mé in ann filleadh ar mo chuid oibre?

Is féidir ceisteanna a chur faoi do shláinte amach anseo nó faoi do stíl mhaireachtála, mar shampla:

- An mbeidh cúram fadtréimhseach de dhíth orm?
- An mbeidh mé ábalta siúl nó bogadh mar is gnách?
- An mbeidh mé ábalta tiomáint?
- An rachaidh sé i bhfeidhm ar an chineál oibre a dhéanaim?
- An rachaidh sé i bhfeidhm ar mo chaidrimh phearsanta/ghnéasacha?
- An mbeidh mé ábalta páirt a ghlacadh sa spórt/sa chineál aclaíochta is fearr liom?
- An mbeidh mé ábalta leanúint leis an ghnáthaiste bia?

Ba chóir go gcuirfeadh baill foirne fáilte roimh do thuairimí agus ceist ar bith a phlé leat sa dóigh go mb'fhéidir leo bheith ag obair i gcomhar leat leis na torthaí is fearr a bhaint amach.

An dtig liom a fháil amach níos mó faoi thoiliú a thabhairt?

Is eolaí mionsonraithe é ***Consent – what you have a right to expect*** atá ar fáil i bhfoirm leaganacha éagsúla d'aosaigh, do pháistí, do thuismitheoirí, do chúramóirí/ gaolta, dóibh siúd a bhfuil míchumas foghlama orthu agus don phobal bodhar. Iarr eolaí ar do chlinic nó ospidéal, nó thig leat é a léamh ar shuíomh Gréasáin na RSSSSP
http://www.dhsspsni.gov.uk/consent/consent.asp

Scríobh amach do cheisteanna anseo

Feabhra 2004

TOILIÚ

Is Leatsa an Rogha

Department of
Health, Social Services and Public Safety
An Roinn
Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí
www.dhsspsni.gov.uk

Eolas faoin fhoirm thoilithe

Sula ndéanfaidh duine ar bith tú a scrúdú nó a chóireáil nó cúram a sholáthar duit, tá do thoiliú de dhíth orthu. In amanna, níl le déanamh ach a rá leo go n-aontaíonn tú lena gcuid moltaí. Amanna eile, tá taifead scríofa ina chuidiú. Mar shampla, má bhíonn ainéistéiseach ginearálta san áireamh le do chóireáil i gcás go gcuirfear i do chodladh thú, iarrfar ort foirm thoilithe a shíniú.

Cén t-eolas atá de dhíth sula ndéanfaidh mé cinneadh?

Caithfidh baill foirne a chinntiú go bhfuil go leor eolais agat a chuirfidh ar do chumas cinneadh a dhéanamh. Scríobhfaidh siad amach eolas ar an fhoirm thoilithe agus tabharfaidh siad cóip duit le coinneáil mar aon leis na roghanna a phlé leat. Cé go bhféadfaidh siad rogha a mholadh duit, tá cead agat rogha eile a dhéanamh. Más fearr leat gan bheith eolach ar rudaí áirithe, pléigh an t-ábhar imní atá ort leis an té atá ag tabhairt aire duit. Má dhéanann tú athsmaoineamh ina dhiaidh sin, thig leat do thoiliú a aistarraingt – go fiú i ndiaidh an fhoirm a shíniú.

Má tá rud ar bith nach maith leat tarlú, is cóir é a rá leis an té atá ag tabhairt aire duit. Tá sé tábhachtach chomh maith go mbeidh siad eolach ar thinneas nó ailléirgí ar bith is dóigh leat atá agat nó a bhí agat roimhe.

An gcuirfidh mé ceisteanna?

Cuir a oiread ceisteanna agus is mian leat i gcónaí. Ba chóir go ndéanfadh an fhoireann a dícheall iad a fhreagairt agus mura bhfuil a fhios acu, is cóir dóibh duine éigin eile a aimsiú atá ábalta iad a fhreagairt. B'fhéidir gur mhaith leat cara nó gaol a thabhairt leat mar thaca. Abair más maith leat go labhróidh duine neamhspleách thar do cheann nó má tá teangaire nó áiseanna cumarsáide de dhíth ort.

Cé atá do mo chóireáil?

Is féidir go bhfuil cuid den fhoireann atá do do chóireáil "faoi oiliúint" – iad láncháilithe ach go bhfuil siad faoi oiliúint níos sainiúla. Tá idir fhoireann nuacháilithe agus iad siúd atá beagnach réidh poist shinsearacha a ghlacadh ina measc. Ní rachaidh siad ach i gceann obráidí amháin dar oileadh iad de réir mar is cuí. Beidh ball sinsearach foirne i mbun na hobráide– go pearsanta nó é/í a bheith ar fáil le comhairle a chur ort.

Cad é faoi na hainéistéisigh?

Má bhíonn ainéistéiseach ginearálta nó réigiúnach san áireamh le do chóireáil, (nuair a dhéanfar níos mó ná cuid bheag den cholainn a reo), tabharfar eolas duit faoi seo roimh ré. Beidh deis agat fosta labhairt leis an ainéistéisí go gairid roimh an chóireáil nó ag clinic réamh-mheasúnachta cúpla seachtain roimhe.

An dtógfar samplaí?

Amanna bíonn ar an ainéistéisí le linn obráidí ar leith cuid den cholainn a bhaint amach (amhail an máilín domlais nó fiacail). Ba chóir go gcuirfí é seo in iúl duit i gcónaí roimh ré. Is féidir go dtógfar samplaí le linn obráidí eile mar chuid de do chúram. Is féidir gur fuil a thógfar nó go dtógfar samplaí de phíosaí beaga fíocháin, ó mheall mar shampla. Is féidir go ndéanfaidh baill foirne eile a thuilleadh seiceála ar na samplaí seo lena chinntiú go gcuirfear an caighdeán cúraim is fearr ar fáil. Arís, ba chóir go gcuirfí é seo in iúl duit dá mba amhlaidh an rud é go dtógfaí samplaí.

Amanna eile, is féidir samplaí a úsáid ar mhaithe le hoideachas, iniúchadh agus taighde. Ba chóir go mbeadh córas áitiúil i bhfeidhm san ospidéal atá i mbun do chúraim maidir lena sheiceáil an aontaíonn tú leis seo.

Fótagraif, clostéipeanna agus fístéipeanna

Mar chuid den chúram, is féidir go ndéanfar cineál de thaifead fótagrafach – mar shampla x-ghathanna, fótagraif chliniciúla nó clostéip nó fístéip. Cuirfear é seo in iúl duit i gcónaí más amhlaidh an rud é. Coinneofar an fótagraf nó taifeadadh mar chuid de do thaifead. Is é an chiall atá leis sin nach bhfeicfidh duine ar bith an taifead ach an té, de ghnáth, atá i mbun do chúraim nó an té a chaithfidh an caighdeán cúraim a sheiceáil. Is tábhachtach an rud é fótagraif agus taifeadtaí a úsáid sa teagasc agus sa taighde.
Ní bhainfear úsáid as do thaifead, áfach, in aon slí lena bhféadfar tú a aithint gan do chead.

Cad é a tharlóidh mura mbíonn toradh ar rudaí mar a shíltear?

Amanna ní tharlaíonn rudaí mar a shíltear. Cé gur cóir don fhoireann atá i mbun do chúraim rud ar bith a chur in iúl duit nó do do theaghlach, is minic arb é an t-othar féin é a aithneoidh i gcéaduair go bhfuil rud éigin as bealach. Má tá imní ort – mar shampla faoi iarsmaí obráide a leanann ar aghaidh níos faide ná mar a shíl tú, labhair le do dhochtúir teaghlaigh nó déan teagmháil le do chlinic. Ba chóir go mbeadh an uimhir ghutháin le fáil ar an chárta coinne nó litir atá agat.

Cad iad na nithe a gcaithfidh mé cuimhneamh orthu?

Is leatsa an rogha agus is tusa a dhéanfaidh an cinneadh maidir le do thoiliú a thabhairt nó gan é a thabhairt. Cuir a oiread ceisteanna agus is mian leat, agus cuimhnigh ar ábhar imní ar bith atá ort a chur in iúl don fhoireann.